C/2026/3907

16.7.2026

Fógra le haghaidh duine agus eintiteas áirithe a chumhdaítear leis na bearta sriantacha dá bhforáiltear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin

(C/2026/3907)

Dírítear aird Nelli Akopovna ZADIRAKA (1106), Dmitry Aleksandrovich KHOROSHILOV (1107), Andrei Fiodorovich SOPELNIK (1108), agus Azatbek Asanbekovich OMURBEKOV (1111), ar daoine iad a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.

Tá sé i gceist ag an gComhairle na bearta sriantacha a choinneáil i gcoinne na ndaoine thuasluaite agus leasú déanta ar na ráitis ar chúiseanna.

Cuirtear in iúl leis seo do na daoine agus do na heintitis sin lena mbaineann go bhféadfaidh siad iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle maidir le faisnéis a bhaineann lena n-ainmniú a choinneáil ar bun a fháil, faoin **24 Iúil 2026**, ag an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1 Gnóthaí Cothrománacha agus Domhanda
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu